Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Márta 2021**
**(OR. en)**

**7290/21**

**CYBER 80**
**TELECOM 124**
**COPEN 144**
**CODEC 443**
**COPS 107**
**COSI 50**
**CSC 119**
**CSCI 45**
**IND 70**
**RECH 117**
**ESPACE 21**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 22 Márta 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh sa Deacáid Dhigiteach<br>- Conclúidí ón gComhairle formheasta ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 22 Márta 2021 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh sa Deacáid Dhigiteach, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 22 Márta 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh sa Deacáid Dhigiteach**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI na conclúidí uaithi maidir leis an méid seo a leanas:

– Teachtaireacht Chomhpháirteach an 25 Meitheamh 2013 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh: *An Open, Safe and Secure Cyberspace* [Cibearspás atá Oscailte, Sábháilte agus Slán][1],

– Rialachas an Idirlín[2],

– Teachtaireacht chomhpháirteach an 20 Samhain 2017 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: 'Athléimneacht, Bacadh agus Cosaint: Cibearshlándáil láidir a thógáil don Aontas Eorpach'[3],

– fothú acmhainneachta agus forbairt cumas i ndáil leis an gcibearshlándáil san Aontas Eorpach[4],

– tábhacht 5G do gheilleagar na hEorpa agus an gá atá ann rioscaí slándála a bhaineann le 5G a mhaolú[5]

– Eoraip ard-digiteach tar éis 2020: 'Borradh a chur faoin iomaíocht dhigiteach agus eacnamaíoch ar fud an Aontais agus comhtháthú digiteach'[6],

– iarrachtaí comhlántacha chun an athléimneacht a fheabhsú agus chun bagairtí hibrideacha a chomhrac[7],

– Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a mhúnlú[8],

1 12109/13
2 16200/14
3 14435/17 + COR 1
4 7737/19
5 14517/19
6 9596/19
7 14972/19
8 8711/20

– Taidhleoireacht Dhigiteach[9],

– an athléimneacht a neartú agus cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bréagaisnéis i gcomhthéacs phaindéim COVID-19[10],

– Cibear-Thaidhleoireacht[11],

– *EU Coordinated Response to Large-Scale Cybersecurity Incidents and Crises* [Freagairt Chomhordaithe ón Aontas ar Theagmhais agus ar Ghéarchéimeanna Cibearshlándála Mórscála][12],

– Creat don chomhfhreagairt taidhleoireachta ón Aontas ar chibearghníomhaíochtaí mailíseacha ('Bosca uirlisí na Cibearthaidhleoireachta')[13],

– *EU External Cyber Capacity Building Guidelines* [Treoirlínte an Aontais d'fhothú cibear-acmhainneachta seachtraí][14],

– Téarnamh lena gcuirtear chun cinn an t-aistriú go tionscal Eorpach níos dinimiciúla, níos athléimní agus níos iomaíche[15],

– cibearshlándáil feistí ceangailte[16],

– Córas cibear-athléimneachta na hEorpa a threisiú agus tionscal cibearshlándála atá iomaíoch agus nuálach a chothú[17],

– agus a Rún ón gComhairle maidir le Criptiú – *Security through encryption and security despite encryption* [Slándáil trí chriptiú agus slándáil in ainneoin criptiú][18],

---

9 12804/20
10 14064/20
11 6122/15 + COR 1
12 10086/18
13 10474/17
14 10496/18
15 13004/20
16 13629/20
17 14540/16
18 13084/1/20 REV 1

– agus an dearbhú ó na Ballstáit an 15 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an gcéad ghlúin eile den néal a thógáil do ghnólachtaí agus don earnáil phoiblí san Aontas,

Á MHEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 1-2 Deireadh Fómhair 2020 maidir le COVID-19, an Margadh Aonair, an beartas tionsclaíoch, cúrsaí digiteacha agus an caidreamh seachtrach[19] agus Conclúidí an 20 Meitheamh 2019 maidir le bréagaisnéis agus bagairtí hibrideacha agus an clár oibre straitéiseach nua 2019-2024[20],

Á MHEABHRÚ DI an Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh – *Shared vision, Common Action: a Stronger Europe* [Fís chomhpháirteach, Gníomhaíocht chomhchoiteann: Eoraip níos Láidre] an 28 Meitheamh 2016,

Á MHEABHRÚ DI na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún Eorpach maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú an 19 Nollaig 2020[21] agus maidir le Straitéis Aontas Slándála an Aontais Eorpaigh an 24 Iúil 2020[22],

Á MHEABHRÚ DI an Teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí maidir le clár oibre nua AE-SA don athrú domhanda an 2 Nollaig 2020[23],

1. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil an chibearshlándáil riachtanach chun Eoraip athléimneach, ghlas agus dhigiteach a thógáil agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal 'Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh sa Dheacáid Dhigiteach', lena leagtar amach an creat nua do ghníomhaíocht an Aontais i réimse 'na hathléimneachta, na ceannasachta teicneolaíochta agus na ceannaireachta'" agus go bhfuil sí riachtanach chun daoine, gnólachtaí agus institiúidí a chosaint ó chibirtheagmhais agus ó chibearbhagairtí agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar mhuinín daoine aonair agus eagraíochtaí i gcumas an Aontais líonraí agus córais faisnéise shlána, iontaofa a chur chun cinn, agus cibearspás domhanda atá oscailte, saor, cobhsaí, slán, agus ag a bhfuil mar bhunús cearta an duine, saoirsí bunúsacha, an daonlathas agus an smacht reachta, a chur chun cinn agus a chosaint.

---

19 EUCO 13/20
20 EUCO 9/19
21 19.2.2020 COM(2020) 67 final
22 24.7.2020 COM(2020) 605 final
23 2.12.2020 JOIN(2020) 22 final

2. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an gá le tuilleadh muiníne in uirlisí agus i gcórais na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus i slándáil na n-uirlisí agus na gcóras sin níos tábhachtaí ná riamh inár saol laethúil mar thoradh ar phaindéim COVID-19. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an chibearshlándáil agus an tIdirlíon oscailte domhanda ríthábhachtach d'fheidhmiú an riaracháin phoiblí agus institiúidí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus, ar an iomlán, don tsochaí agus don gheilleagar.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá tuilleadh feasachta a mhúscailt maidir le cibircheisteanna ar leibhéal na cinnteoireachta polaitíochta agus straitéisí trí eolas agus faisnéis ábhartha a chur ar fáil do lucht déanta cinntí agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá feabhas a chur ar fheasacht an phobail i gcoitinne agus an cibearshláinteachas a chur chun cinn.

4. IARRANN SÍ go ndéanfaí bunluachanna an Aontais maidir leis an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear an ceart chun saoirse tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an ceart chun saoirse comhthionóil agus comhlachais agus an ceart chun príobháideachais sa chibearspás. IS DÍOL SÁSAIMH DI, i ndáil leis an méid sin, na hiarrachtaí leanúnacha breise atá á ndéanamh chun cosantóirí chearta an duine, an tsochaí shibhialta agus an saol acadúil a chosaint agus iad ag obair ar shaincheisteanna amhail an chibearshlándáil, príobháideachas sonraí, faireachas agus cinsireacht ar líne trí threoir phraiticiúil bhreise a chur ar fáil, dea-chleachtais a chur chun cinn agus dlús a chur le hiarrachtaí an Aontais cosc a chur ar sháruithe agus ar mhí-úsáid ar chearta an duine agus ar mhí-úsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, go háirithe trí bhearta taidhleoireachta a úsáid i gcás inar gá, chomh maith le honnmhairiú na dteicneolaíochtaí sin a rialú. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024 agus a Threoirlínte maidir le Saoirse Chun Tuairimí a Nochtadh Ar Líne agus As Líne.

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur príomhchuspóir de chuid an Aontais é uathriail straitéiseach a bhaint amach agus geilleagar oscailte á chaomhnú chun a chonair eacnamaíoch agus a leasanna féin a chinneadh. Áirítear leis sin an cumas roghanna uathrialacha a dhéanamh i réimse na cibearshlándála a atreisiú chun ceannaireacht dhigiteach an Aontais agus a acmhainneachtaí straitéiseacha a neartú. MEABHRAÍTEAR DI go n-áirítear leis sin spleáchais straitéiseacha a shainaithint agus a laghdú agus athléimneacht a mhéadú sna héiceachórais thionsclaíocha is íogaire agus i réimsí sonracha. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadtar a áireamh leis sin slabhraí táirgeachta agus soláthair a éagsúlú, infheistíochtaí agus táirgeacht san Eoraip a chothú agus a mhealladh, réitigh mhalartacha agus samhlacha ciorclacha a iniúchadh, agus comhar tionsclaíoch leathan ar fud na mBallstát a chur chun cinn.

6. Agus an easpa scileanna digiteacha agus cibearshlándála sa lucht saothair á cur san áireamh, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go bhfreastalófar ar an éileamh ar lucht saothair oilte i réimse na slándála digití agus na cibearshlándála, go háirithe tríd an tallann is fearr a fhorbairt, a choinneáil agus a mhealladh, mar shampla tríd an oideachas agus an oiliúint chun bheith in ann ár sochaí a dhigitiú ar bhealach a bheadh sábháilte ó thaobh na cibearshlándála de. MOLANN SÍ rannpháirtíocht mhéadaithe na mban agus na gcailíní san oideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta, matamaitice ('STEM') agus i bpoist TFC chun uas-sciliú agus athsciliú i scileanna digiteacha mar cheann de na bealaí chun an deighilt dhigiteach idir na hinscní a dhúnadh.

7. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé d'aidhm ag an gcur chuige coiteann cuimsitheach atá ag an Aontas maidir leis an gcibearthaidhleoireacht rannchuidiú le coinbhleachtaí a chosc, le bagairtí cibearshlándála a mhaolú agus le cobhsaíocht níos fearr sa chaidreamh idirnáisiúnta a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas do réiteach díospóidí idirnáisiúnta sa chibearspás ar bhealach síochánta agus gur cheart, mar thosaíocht, iarrachtaí taidhleoireachta uile an Aontais a dhíriú ar an tslándáil agus ar an gcobhsaíocht a chur chun cinn sa chibearspás trí chomhar idirnáisiúnta méadaithe, agus ar an mbaol míthuisceana, géaraithe agus coinbhleachta a d'fhéadfadh teacht as teagmhais TFC a mhaolú agus TACAÍONN SÍ le bearta tógála muiníne (CBManna) a fhorbairt a thuilleadh agus a oibríochtú ar an leibhéal réigiúnach agus idirnáisiúnta. ATHDHEARBHAÍONN SÍ iarraidh Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, arna chomhaontú le comhthoil, go mbeadh Ballstáit na Náisiún Aontaithe á dtreorú ag na moltaí ó thuarascálacha Ghrúpa Saineolaithe Rialtais na Náisiún Aontaithe (UNGGE) agus TFC á úsáid acu agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ cur i bhfeidhm an dlí idirnáisiúnta, go háirithe Cairt na Náisiún Aontaithe ina hiomláine, sa chibearspás.

8. ATHDHEARBHAÍONN SÍ, d'fhonn noirm agus caighdeáin idirnáisiúnta a mhúnlú go suntasach i réimsí na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus an bhonneagair theicniúil agus loighciúil atá bunriachtanach d'infhaighteacht agus do shláine ghinearálta chroí poiblí an Idirlín, ionas go mbeidh na noirm agus na caighdeáin sin i gcomhréir le luachanna uilíocha agus le luachanna an Aontais agus trí chur chuige il-gheallsealbhóra, go bhfuil sé bunriachtanach noirm agus caighdeáin a fhorbairt a thuilleadh laistigh den Aontas. Áiritheofar leis sin go mbeidh an tIdirlíon i gcónaí domhanda, oscailte, saor, cobhsaí agus slán agus go n-urramófar cearta an duine le húsáid agus forbairt na dteicneolaíochtaí digiteacha, agus go mbeidh an úsáid sin dleathach, sábháilte agus eiticiúil. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Straitéis um Chaighdeánú atá ar na bacáin agus GEALLANN SÍ go mbeidh for-rochtain réamhghníomhach agus chomhordaithe ann chun ceannaireacht agus cuspóirí an Aontais a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear i gcomhlachtaí idirnáisiúnta éagsúla um chaighdeánú agus trí chomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo, leis an tsochaí shibhialta, leis an lucht acadúil agus leis an earnáil phríobháideach.

9. TACAÍONN SÍ GO LÁIDIR leis an múnla il-gheallsealbhóra do rialachas an Idirlín agus don chibearshlándáil agus geallann sí go ndéanfaidh sí malartuithe rialta agus struchtúrtha a threisiú le geallsealbhóirí, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, an saol acadúil agus an tsochaí shibhialta, i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear i gcomhthéacs na hiarrata a rinneadh i bPáras maidir le hIontaobhas agus Slándáil sa Chibearspás. CUIREANN SÍ CHUN CINN rochtain uilíoch, inacmhainne, chomhionann ar an Idirlíon chun an deighilt dhigiteach a dhúnadh agus, go háirithe, cumhachtú na mban, na gcailíní agus na ndaoine i gcásanna leochaileacha nó imeallaithe, i bhforbairt beartais agus in úsáid an Idirlín araon.

10. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá leis an gcibearshlándáil a chur san áireamh in infheistíochtaí digiteacha agus i dtionscnaimh dhigiteacha sna blianta atá le teacht agus an gá atá le rannchuidiú de réir a chéile le cothrom na Féinne a chothú sa chibearshlándáil agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE plean an Choimisiúin chun an caiteachas poiblí a mhéadú agus infheistíocht phríobháideach a ghiaráil i réimse na cibearshlándála. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) san éiceachóras cibearshlándála agus AITHNÍONN SÍ na hionstraimí ábhartha airgeadais atá ar fáil chun tacú le fócas láidir cibearshlándála laistigh den chlaochlú digiteach le linn an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 agus sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF).

11. IS FADA LÉI cur chun feidhme tapa an Rialacháin maidir leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin (CCCN), lena n-áirítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála a bhunú agus a oibríochtú go mear i mBúcairist. Cuideoidh glacadh pras a chláir oibre le héifeachtaí na n-infheistíochtaí a uasmhéadú chun ceannaireacht agus uathriail straitéiseach an Aontais i réimse na cibearshlándála a neartú agus chun tacú le hinniúlachtaí agus scileanna teicneolaíochta agus chun iomaíochas domhanda an Aontais a mhéadú le hionchur ó phobail tionsclaíochta agus acadúla sa chibearshlándáil, lena n-áirítear FBManna agus lárionaid taighde, rud a bhainfidh tairbhe as comhar níos córasaí, níos cuimsithí agus níos straitéisí, ag féachaint do chomhtháthú an Aontais agus a Bhallstát uile.

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair leanúnach atá á déanamh faoi stiúir ENISA, mar aon leis na Ballstáit agus geallsealbhóirí leasmhara, chun scéimeanna deimhniúcháin a chur ar fáil don Aontas le haghaidh táirgí, seirbhísí agus próisis TFC lenar cheart cuidiú le leibhéal foriomlán na cibearshlándála a fheabhsú laistigh den Mhargadh Aonair Digiteach. Sa chomhthéacs sin, IS FADA LÉI Clár Oibre Rollach an Aontais (URWP) d'fhonn scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála de chuid an Aontais a fhorbairt laistigh den Ghníomh um Chibearshlándáil (CSA). AITHNÍONN SÍ, sa chomhthéacs sin, an ról lárnach atá ag an Aontas chun caighdeáin a fhorbairt lena bhféadfaí timpeallacht chibearshlándála a mhúnlú agus lena gcuirfear le hiomaíocht chothrom a áirithiú laistigh den Aontas agus ar an ardán domhanda, lena gcuirfear rochtain ar an margadh chun cinn agus lena dtabharfar aghaidh ar rioscaí slándála agus, ag an am céanna, lena n-áiritheofar infheidhmeacht chreat reachtach an Aontais.

13. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le reachtaíocht chothrománach, agus na coinníollacha is gá a shonrú freisin maidir le rochtain ar an margadh, chun aghaidh a thabhairt san fhadtéarma ar ghnéithe ábhartha uile de chibearshlándáil feistí ceangailte, amhail infhaighteacht, sláine agus rúndacht. I ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI go gcuirfí plé ar bun maidir le fiosrú a dhéanamh ar raon feidhme na reachtaíochta sin agus ar na naisc atá aici leis an gcreat um dheimhniú cibearshlándála mar a shainítear faoin nGníomh um Chibearshlándáil, d'fhonn leibhéal na slándála a mhéadú laistigh den Mhargadh Aonair Digiteach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart, d'fhonn an débhríocht agus an ilroinnt a sheachaint i gcúrsaí reachtaíochta, ceanglais chibearshlándála a shainiú i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an Gníomh um Chibearshlándáil, an Creat Reachtach Nua, an Rialachán maidir leis an gCaighdeánú Eorpach, agus reachtaíocht chothrománach a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

14. ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá cur chuige cuimsitheach cothrománach maidir leis an gcibearshlándáil san Aontas, agus inniúlachtaí agus riachtanais na mBallstát á n-urramú go hiomlán chomh maith lena thábhachtaí atá tacaíocht leanúnach don chúnamh teicniúil agus don chomhar chun acmhainneacht na mBallstát a fhorbairt. Agus forbairt thimpeallacht na mbagairtí cibearshlándála á cur san áireamh, TUGANN SÍ DÁ hAIRE an togra nua le haghaidh Treoir maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais lena bhforbraítear an Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí le creataí náisiúnta cibearshlándála agus comhar marthanach idir na Ballstáit a neartú agus a chomhchuibhiú. Thairis sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le reachtaíocht earnála sa réimse sin a ailíniú agus a chur in iúl.

15. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an togra ón gCoimisiún chun tacú leis na Ballstáit Lárionaid Oibríochta Slándála (SOCanna) a bhunú agus a neartú d’fhonn líonra SOCanna a thógáil ar fud an Aontais, chun faireachán breise a dhéanamh ar chomharthaí ionsaithe ar líonraí agus chun na comharthaí sin a thuar. Sa chomhthéacs sin, TÁ SÍ AG FANACHT ar phleananna mionsonraithe an Choimisiúin maidir le líonra SOCanna, agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú ag an am céanna. MEABHRAÍTEAR DI na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na Ballstáit, le tacaíocht ón Aontas, CSIRTanna earnála, náisiúnta agus réigiúnacha agus Lárionaid náisiúnta nó Eorpacha um Chomhroinnt agus Anailís Faisnéise (ISACanna) a bhunú mar chuid de líonra éifeachtach comhpháirtíochtaí cibearshlándála san Aontas. TÁ SÍ AG SÚIL le féachaint ar acmhainneacht an líonra sin chun SOCanna a neartú chomh maith lena gcomhlántacht agus lena gcomhordú leis na líonraí agus na gníomhaithe atá ann cheana (go háirithe Líonra CSIRTanna), chun cultúr éifeachtúil, slán agus iontaofa comhroinnte faisnéise a chur chun cinn. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go gcuirfear, leis an bpróiseas sin, leis an obair atá á déanamh i gcomhthéacs thionscnaimh na hintleachta saorga agus na ríomhaireachta ardfheidhmíochta agus ag na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha.

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an fhorbairt a d’fhéadfaí a dhéanamh ar chóras slán nascachta, ag cur le bonneagar cumarsáide candamaí na hEorpa (EuroQCI) agus le Cumarsáid Satailíte Rialtais an Aontais Eorpaigh (GOVSATCOM), agus AITHNÍONN SÍ gur cheart go mbeadh aon fhorbairt a d’fhéadfaí a dhéanamh amach anseo bunaithe ar chreat láidir cibearshlándála agus an bonneagar cumarsáide leictreonaí ar fad amhail córais líonra spáis, talún agus fomhuirí a chur san áireamh.

17. IS FADA LÉI an plé leis an gCoimisiún, le ENISA, leis an dá Oibreoir Fréamh-Fhreastalaí DNS de chuid an Aontais agus leis an bpobal il-gheallsealbhóra chun measúnú a dhéanamh ar an ról atá ag an dá Oibreoir Fréamh-Fhreastalaí DNS de chuid an Aontais maidir lena ráthú go mbeidh an tIdirlíon inrochtana go domhanda agus neamh-ilroinnte. IS DÍOL SÁSAIMH DI tuilleadh plé a dhéanamh ar an rún atá ag an gCoimisiún seirbhís Eorpach mhalartach a fhorbairt chun rochtain a fháil ar an idirlíon domhanda (tionscnamh ‘DNS4EU’), bunaithe ar shamhail thrédhearcach atá i gcomhréir leis an tslándáil is déanaí, le cosaint sonraí agus príobháideachas trí dhearadh agus trí chaighdeáin agus rialacha mar réamhshocrú, chun cur le hathléimneacht mhéadaithe agus, ag an am céanna, nascacht idirnáisiúnta a choimeád agus a fheabhsú do na Ballstáit uile.

18. AITHNÍONN SÍ gur gá don Choimisiún agus do na Ballstáit iarracht chomhpháirteach a dhéanamh chun dlús a chur le glacadh príomhchaighdeán idirlín, lena n-áirítear IPv6, agus le glacadh caighdeán seanbhunaithe slándála idirlín mar go bhfuil siad ríthábhachtach chun leibhéal foriomlán na slándála, na hathléimneachta, na hoscailteachta agus na hidir-inoibritheachta a bhaineann leis an idirlíon domhanda a mhéadú agus, ag an am céanna, iomaíochas thionscal an Aontais agus go háirithe oibreoirí an bhonneagair idirlín a mhéadú.

19. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá cur chuige comhordaithe chomh maith le bearta éifeachtacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta chun cibearshlándáil líonraí 5G a threisiú. TACAÍONN SÍ leis na chéad chéimeanna eile a bheidh le glacadh maidir le cibearshlándáil líonraí 5G, mar a léirítear san iarscríbhinn a ghabhann le Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh agus atá bunaithe ar thorthaí na tuarascála ar thionchar an mholta ón gCoimisiún maidir le slándáil líonraí 5G, mar shampla i ndáil le sainiú cur chuige fadtéarmach agus cuimsitheach ag féachaint ar shlabhra luacha agus éiceachóras iomlán 5G. D’fhonn an cur chuige comhordaithe maidir le slándáil líonraí 5G a neartú a thuilleadh, TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit, ar Institiúidí an Aontais agus ar gheallsealbhóirí ábhartha eile leanúint dá measúnú tréimhsiúil, mar aon le malartú faisnéise agus dea-chleachtais laistigh de Shruth Oibre tiomnaithe Ghrúpa Comhair NIS maidir le Cibearshlándáil 5G, agus tuairisciú go rialta don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, agus í á chur i dtábhacht freagracht na mBallstát maidir leis an tslándáil náisiúnta a chosaint, a gealltanas láidir do chur chun feidhme bhearta Bhosca Uirlisí 5G an Aontais a chur i bhfeidhm agus a thabhairt chun críche go pras, agus do na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun slándáil líonraí 5G agus forbairt na nglúnta líonraí a bheidh ann amach anseo a ráthú. D’fhéadfadh an dlúthchomhar idir na Ballstáit, an Coimisiún agus ENISA maidir le slándáil líonraí 5G a bheith ina eiseamláir do shaincheisteanna eile i réimse na cibearshlándála agus, ag an am céanna, inniúlachtaí na mBallstát agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a urramú.

20. AITHNÍONN SÍ a ábhartha atá sé an chibearshlándáil a chomhtháthú a thuilleadh i sásraí freagartha géarchéime an Aontais agus tástáil a dhéanamh orthu i gcleachtaí ábhartha agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé comhar agus comhroinnt faisnéise a fheabhsú i measc na gcibearphobal éagsúla laistigh den Aontas agus na tionscnaimh, na struchtúir agus na nósanna imeachta atá ann cheana a nascadh (amhail IPCR, Líonra CSIRT, Grúpa Comhair NIS, CyCLONe, Ionad Cibearchoireachta na hEorpa, EU INTCEN, agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais) i gcás cibirtheagmhais agus cibearbhagairtí mórscála, trasteorann. Á CHUR SAN ÁIREAMH DI an dul chun cinn atá déanta cheana sa réimse seo, TÁ SÍ AG FANACHT ar an togra ón gCoimisiún maidir leis an bpróiseas, leis na garspriocanna agus leis an amlíne chun an Cibearaonad Comhpháirteach (JCU) a shainiú d'fhonn breisluach agus fócas soiléir a chur ar fáil, chun creat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais a shruthlíniú, lena n-áirítear trí ullmhacht, feasacht staide chomhroinnte, freagairt chomhordaithe agus cleachtaí comhordaithe a threisiú, ar bhealach trédhearcach incriminteach, agus dúbailt agus forluí á seachaint agus, ag an am céanna, trí inniúlachtaí na mBallstát a urramú.

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé comhar agus malartú faisnéise a chur chun cinn idir gníomhaithe ábhartha cibearshlándála agus údaráis inniúla i réimse na slándála agus an cheartais choiriúil, e.g. údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha chomh maith leis an ngá atá le cumas na n-údarás sin a leathnú agus a fheabhsú chun an chibearchoireacht a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus caibidlíocht idirnáisiúnta agus rialacha an Aontais maidir le rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach a chothú. Go neamhspleách ar thimpeallacht theicneolaíoch an lae, is den bhunriachtanas é cumhachtaí na n-údarás inniúil a chaomhnú i réimse na slándála agus an cheartais choiriúil trí rochtain dhleathach chun go bhféadfaidh siad a gcúraimí a chur i gcrích, mar a fhorordaítear agus mar a údaraítear leis an dlí. Leis na dlíthe sin lena bhforáiltear do na cumhachtaí forfheidhmiúcháin, ní mór próisis chuí agus coimircí eile a urramú go hiomlán i gcónaí, chomh maith le cearta bunúsacha, go háirithe an ceart go n-urramófar an saol príobháideach agus cumarsáid phríobháideach agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint.

22. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tacaíocht maidir le criptiú láidir a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a úsáid mar bhealach riachtanach chun cearta bunúsacha agus slándáil dhigiteach na saoránach, na rialtas, na tionsclaíochta agus na sochaí a chosaint agus, ag an am céanna, ADMHAÍONN SÍ gur gá cumas na n-údarás inniúil i réimse na slándála agus an cheartais choiriúil a áirithiú, e.g. go mbeidh na húdaráis inniúla forfheidhmithe dlí agus na húdaráis bhreithiúnacha in ann a gcuid cumhachtaí dleathacha a fheidhmiú, ar líne agus as líne araon, chun ár sochaithe agus ár saoránaigh a chosaint. Ní mór do na húdaráis inniúla a bheith in ann rochtain a fháil ar shonraí ar bhealach dleathach spriocdhírithe, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus do na dlíthe ábhartha maidir le cosaint sonraí agus, ag an am céanna, an chibearshlándáil a chosaint. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór do pé gníomhaíochtaí a dhéantar cothromaíocht chúramach a bhaint amach idir na leasanna sin agus prionsabail an riachtanais, na comhréireachta agus na coimhdeachta.

23. TACAÍONN SÍ agus CUIREANN SÍ CHUN CINN Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir leis an gCibearchoireacht agus, ina theannta sin, TACAÍONN SÍ agus CUIREANN SÍ CHUN CINN an obair atá ar bun ar an Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Thairis sin, leanann sí de mhalartuithe iltaobhacha maidir leis an gcibearchoireacht a dhéanamh, lena n-áirítear sna próisis a bhaineann le Comhairle na hEorpa, le hOifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC) agus leis an gCoimisiún um Choireacht a Chosc agus um Cheartas Coiriúil, chun comhar idirnáisiúnta feabhsaithe a áirithiú chun cur i gcoinne na cibearchoireachta, lena n-áirítear dea-chleachtais agus eolas teicniúil a mhalartú agus tacú le fothú acmhainneachta agus, ag an am céanna, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, a chur chun cinn agus a chosaint.

24. Cé go bhfanfaidh an tslándáil náisiúnta ina freagracht ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin, ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an comhar straitéiseach faisnéise maidir le cibearbhagairtí agus maidir le cibearghníomhaíochtaí, agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit, trí bhíthin na húdaráis inniúla, leanúint de rannchuidiú le hobair Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh mar mhol do chomhfheasacht staide agus do mheasúnuithe ar bhagairtí i ndáil le cibear-shaincheisteanna chuig an Aontas Eorpach agus féachaint ar an bhféidearthacht togra maidir le meitheal um chibearfhaisnéise de chuid na mBallstát a bhunú d’fhonn acmhainneacht thiomnaithe INTCEN sa réimse sin a neartú, bunaithe ar rannchuidithe deonacha faisnéise na mBallstát agus gan dochar dá n-inniúlachtaí.

25. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá creat slándála stóinseach comhsheasmhach chun pearsanra, sonraí, líonraí cumarsáide agus córais faisnéise uile an Aontais agus na próisis chinnteoireachta atá bunaithe ar rialacha cuimsitheacha, comhsheasmhacha agus aonchineálacha a chosaint. Go háirithe, ba cheart é sin a dhéanamh trí athléimneacht chultúr slándála an Aontais, mar aon le cultúr slándála an Aontais i gcoinne cibearbhagairtí, a fheabhsú agus trí shlándáil líonraí rúnaicmithe agus neamh-rúnaicmithe de chuid an Aontais a neartú agus, ag an am céanna, rialachas leormhaith agus acmhainní agus cumais leordhóthanacha a chur ar fáil, lena n-áirítear i gcomhthéacs shainordú CERT-EU a atreisiú. IS DÍOL SÁSAIMH DI, sa chomhthéacs sin, an plé leanúnach maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú i ndáil leis an tslándáil faisnéise agus aird chuí á tabhairt ar rialacha slándála na Comhairle chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais a chosaint, chomh maith leis an sainiú ar rialacha ceangailteacha comhchoiteanna maidir leis an gcibearshlándáil d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais.

26. ANUAS AR iarrachtaí an Aontais i ndáil leis an gcibearthaidhleoireacht, TUGANN SÍ GEALLTANAS éifeachtacht agus éifeachtúlacht Bhosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta a mhéadú agus IS FADA LÉI plé níos doimhne a dhéanamh maidir lena raon feidhme agus lena úsáid, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur i bhfeidhm na hionstraime sin go dtí seo. Ba cheart go gcuideodh an plé seo leis an tslándáil a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta trí idirphlé a chothú agus trí fhís chomhroinnte maidir le cúrsaí cibearshlándála a chothú, trí chosc, cobhsaíocht, comhar a neartú agus muinín agus fothú acmhainneachta a chur chun cinn agus, i gcás inar gá, trí bhearta sriantacha a chur i bhfeidhm, chun cibearghníomhaíochtaí mailíseacha atá dírithe ar shláine agus ar shlándáil an Aontais agus a Bhallstát a chosc, a dhíspreagadh, bac a chur orthu nó freagairt orthu agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú leis an tslándáil agus leis an gcobhsaíocht idirnáisiúnta agus lena ndéanfar seasamh cibearshlándála an Aontais a chomhdhlúthú, agus lánurraim á tabhairt d'inniúlachtaí náisiúnta agus do shainchumais. Go háirithe, ní mór aird ar leith a thabhairt ar chibirionsaithe, a mbíonn éifeachtaí sistéamacha acu, a chosc agus a chomhrac, ar chibirionsaithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na slabhraí soláthair, don bhonneagar ríthábhachtach agus do sheirbhísí riachtanacha, do na hinstitiúidí daonlathacha agus do phróisis dhaonlathacha agus a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ón tslándáil eacnamaíoch, lena n-áirítear gníomhaíochtaí gadaíochta cibearchumasaithe maoine intleachtúla. Ní mór do na Ballstáit agus institiúidí an Aontais machnamh breise a dhéanamh freisin ar an ngaol idir creat bainistithe géarchéime cibearshlándála an Aontais, bosca uirlisí na cibearthaidhleoireachta agus forálacha d'Airteagal 42(7) CAE agus d'Airteagal 222 CFAE, go sonrach trí obair bunaithe ar chásanna chun tuiscint choiteann a chothú ar na módúlachtaí praiticiúla do chur chun feidhme Airteagal 42(7) CAE.

27. ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé an comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tíortha comhpháirtíochta a neartú chun an chomhthuiscint ar thimpeallacht na gcibearbhagairtí a chur chun cinn, chun an t-idirphlé agus sásraí comhair a fhorbairt, chun freagairtí taidhleoireachta comhoibríocha a shainaithint, i gcás inarb iomchuí, agus chun feabhas a chur ar an gcomhroinnt faisnéise, lena n-áirítear trí oideachas, oiliúint agus cleachtaí. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, go háirithe, go gcuireann comhpháirtíocht láidir thrasatlantach i réimse na cibearshlándála leis an gcomhshlándáil, leis an gcobhsaíocht agus leis an rathúnas agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na forálacha maidir leis an gcomhar cibearshlándála laistigh den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Á MHEABHRÚ DI an méid atá bainte amach a bhuí leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT i réimse na cibearshlándála i gcreat chur chun feidhme Dhearbhuithe Comhpháirteacha 2016 Vársá agus 2018 na Bruiséile, athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé comhar feabhsaithe lena dtreiseofar a chéile agus a bheidh chun tairbhe don dá pháirtí trí oideachas, oiliúint, cleachtaí agus freagairt chomhordaithe ar chibearghníomhaíochtaí mailíseacha a chur chun feidhme, agus neamhspleáchas agus nósanna imeachta cinnteoireachta an dá eagraíocht á n-urramú go hiomlán, ar bhonn phrionsabail na trédhearcachta, na cómhalartachta agus na cuimsitheachta

28. Chun cur le cibearspás domhanda, oscailte, saor, cobhsaí agus slán, agus tábhacht níos mó ná riamh ag baint leis sin chun go leanfar de rathúnas, fás, slándáil, dea-bhail, nascacht agus sláine ár sochaithe a áirithiú, TÁ SÍ TIOMANTA do rannpháirtíocht leanúnach sna próisis socraithe norm in eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe i bpróisis chéad choiste na Náisiún Aontaithe, lena gcuirtear chun cinn aitheantas a thabhairt do chur i bhfeidhm an dlí idirnáisiúnta sa chibearspás agus do chloí leis na noirm, rialacha agus prionsabail maidir le státiompar freagrach sa chibearspás, agus lena dtacaítear leis; ina theannta sin, tabharfaidh sí ugach chun go gcuirfear ar bun gan mhoill Clár Gníomhaíochta maidir le státiompar freagrach sa chibearspás a chur chun cinn mar chuid d’obair chuiditheach, chuimsitheach agus chomhthoile a leanfaidh próisis reatha GGE agus OEWG de chuid na Náisiún Aontaithe.

29. MEABHRAÍTEAR DI a tiomantas láidir d'iltaobhachas éifeachtach agus d'ord domhanda riailbhunaithe leis na Náisiúin Aontaithe ag a chroílár agus a diongbháilteacht chun an comhar agus comhordú a neartú le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, eadhon córas na Náisiún Aontaithe, ECAT, CoE, ESCE, ECFE, an tAontas Afracach, OAS, ASEAN, ARF, GCC agus LAS maidir le plé a bhaineann le saincheisteanna cibearbhunaithe agus leanúint de agus cur le cibear-idirphlé struchtúrtha, agus comhairliúcháin, de chuid an Aontais le tríú tíortha. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR go dtacaíonn sí go gníomhach leis na Náisiúin Aontaithe, go háirithe i ndáil le Clár Oibre 2030, lena n-áirítear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI Treochlár Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe um an gComhar Digiteach agus Clár Oibre Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an Dí-armáil lena gcothófar cuntasacht agus comhlíonadh na norm sa chibearspás agus lena gcuideofar le coinbhleachtaí a eascraíonn as gníomhaíocht mhailíseach sa chibearspás a chosc agus a réiteach ar bhealach síochánta. IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra ón Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Líonra Cibearthaidhleoireachta neamhfhoirmiúil a bhunú don Aontas d'fhonn rannpháirtíocht agus saineolas an Aontais agus na mBallstát araon a fhorbairt maidir le cibircheisteanna idirnáisiúnta chun an fhor-rochtain chomhordaithe a neartú.

30. IS FADA LÉI an togra atá le teacht le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Beartais Cibearchosanta, agus GEALLANN SÍ go ndéanfar iarrachtaí chun gnéithe cibearshlándála agus cibearchosanta a neartú d'fhonn a áirithiú go ndéanfar iad sin a chomhtháthú go hiomlán i réimse níos leithne na slándála agus na cosanta, go háirithe i gcomhthéacs na hoibre ar an gCompás Straitéiseach. MEASANN SÍ go gcuideoidh *Military Vision and Strategy on Cyberspace as a Domain of Operations* [An Fhís Mhíleata agus an Straitéis maidir leis an gCibearspás mar Réimse Oibríochtaí] atá ar na bacáin leis an bplé sin a chur chun cinn. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) chun comhar a chothú idir CERTanna Míleata agus TACAÍONN SÍ leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun sineirgí míleata sibhialta a fheabhsú agus chun feabhas a chur ar an gcomhordú i ndáil leis an gcibearchosaint agus leis an gcibearshlándáil, lena n-áirítear maidir le gnéithe a bhaineann leis an spás, lena n-áirítear trí thionscadail thiomnaithe PESCO.

31. IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra, darb aidhm cibear-athléimneacht agus cibear-acmhainneachtaí ar fud na cruinne a mhéadú, an méid seo a leanas de chuid an Aontais a chur ar bun: Clár Oibre Fothúcháin Cibear-Acmhainneachta Seachtraí a cheapadh, an togra chun Bord Fothúcháin Cibear-Acmhainneachta a chruthú agus Líonra Fothúcháin Cibear-Acmhainneachta a bhunú agus a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhar leis na Ballstáit, agus le comhpháirtithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, go háirithe an Fóram Domhanda maidir le Saineolas Cibearshlándála agus le comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile, chun comhordú a áirithiú agus an dúbailt a sheachaint. MOLANN SÍ, go háirithe, go mbeadh comhar ann le comhpháirtithe sna Balcáin Thiar agus le comhpháirtithe an Aontais as comharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt.

32. Chun a áirithiú go mbeidh gach tír in ann leas a bhaint as buntáistí sóisialta, eacnamaíocha agus polaitiúla an Idirlín agus as úsáid na dteicneolaíochtaí, GEALLANN SÍ go gcabhrófar le tíortha comhpháirtíochta dul i ngleic leis an dúshlán méadaitheach a bhaineann le cibearghníomhaíochtaí mailíseacha, go háirithe na gníomhaíochtaí sin a dhéanann dochar d’fhorbairt an gheilleagair, na sochaí agus do shláine agus do shlándáil na gcóras daonlathach sna tíortha sin, lena n-áirítear i gcomhréir leis na hiarrachtaí faoin bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach.

33. Chun a áirithiú go ndéanfar na tograí a chuirtear i láthair i Straitéis Chibearshlándála an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus go ndéanfar faireachán orthu, agus ag cur san áireamh gur ar bhonn ilbhliantúil a chuirtear roinnt de na tionscnaimh i gcrích, MOLANN SÍ don Choimisiún agus don Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála plean cur chun feidhme mionsonraithe a bhunú ina leagfar amach tosaíochtaí agus sceideal na ngníomhaíochtaí atá beartaithe. Déanfaidh sí FAIREACHÁN ar an dul chun cinn maidir leis na Conclúidí seo a chur chun feidhme trí bhíthin Plean Gníomhaíochta agus a ndéanfaidh an Chomhairle, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an Ardionadaí, é a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta.